*Ar thuras léinn is feasa*

# *Gaelcholáiste Chill Dara*

# Bileog Eolais

*Eagrán 17*

*16 Eanáir 2026*

### Béaltrialacha Gaeilge

Tosaíonn na béaltrialacha Gaeilge do scoláirí an 6ú bliain ag 09:00 An Luan seo chugainn. Tá amchlár ar Google Classroom.




### Staidéar? Cé mhéad?

Moltar do scoláirí obair éifeachtach bhreise, idir obair bhaile agus staidéar, a dhéanamh i rith na seachtaine lasmuigh d'uaireanta scoile:

Bliain 1: 7½ - 9 uair an chloig sa tseachtain
Bliain 2: 8 - 10 u.a.c. sa tseachtain
Bliain 3: 9 – 12 u.a.c. sa tseachtain
Bliain 5: 15 - 18 u.a.c. sa tseachtain
Bliain 6: 18 - 22 u.a.c. sa tseachtain

### Nod staidéir na seachtaine

Scoláirí

Tá cáipéis ceangailte leis an ríomhphost agus eolas faoi straitéisí staidéir inti. Bain triail as na straitéisí.

Caomhnóirí

Féach ar an gcáipéis atá ceangailte leis an ríomhphost. Labhair le do pháistí faoi na straitéisí staidéir atá inti. Spreag iad chun triail a bhaint astu.

### Sacair faoi 19

Inné an chéad uair gur éirigh le foireann sacair GCCD cluiche leathcheannais na hÉireann a shroicheadh. D'imir na cailíní le fuinneamh and díograis. Níor éirigh leo an bua a fháil ar an lá ach tá pobal na scoile an-bhródúil astu.



### Eolas gairme

Bhí cruinnithe aonaracha gairme ar bun ag scoláirí an séú bliain le Helena le coicís anuas ag obair ar iarratais CAO agus UCAS. Tá an spriocdháta luath don CAO, 20 Eanáir, ag teacht go luath agus an gnáthspriocdháta ar an 1 Feabhra.

Tá an spriocdháta don Fhoirm Eolais Breise (A) do DARE ar 1 Márta agus an spriocdháta don Fhoirm B&C ar 10 Márta.

Beidh na cruinnithe aonaracha faoi DARE ag tosú ar an Luan, 19 Eanáir.




### Comhghairdeas le Ruby!

Comhghairdeas le Ruby (3C) agus foireann na hÉireann faoi 16 a chur tús le 2026 le bua 2-0 ar an bPortaingéil i gcluiche cairdiúil idirnáisiúnta san Estádio Municipal da Póvoa de Varzim i rith na seachtaine. Tá an scéal iomlán anseo.
Comhghairdeas le Ruby arís mar tá sí ar an ngearrliosta don ghradam, Spiorad Chontae Chill Dara in dhá chatagóir éagsúil! Tá eolas faoin gcomórtas anseo.



### GCCD ar RnaG!

Bhí Siobhain ar 'Tús Áite' ar Raidió na Gaeltachta Dé Céadaoin. Bhí sí ag labhairt faoi cé chomh tábhachtach is atá cearta daonna do phobal GCCD. Is féidir leat éisteacht leis an agallamh anseo.

RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA

### Cruinneas na Gaeilge

Botún coitianta:

D'éirigh ~~mé~~ sa scrúdú

An leagan ceart:

D'éirigh liom sa scrúdú (ach, D'éirigh mé ar maidin)

### Cispheil

Bhuaigh na cailíní 2bl i gcoinne Cross & Passion Cill Chuillinn 42-12 i gcomórtas lár tíre grúpa C inné. Comhghairdeas leo!



### Nath Folláine na Seachtaine

Is deis í an athbhliain chun saol nua agus níos fearr a chruthú. Bain an leas is fearr as!

### Dátaí Tábhachtacha

**19 - 23 Ean:**
Béaltrialacha Gaeilge, bl. 6
**20 Ean:**
Merchant of Venice, bl. 3
**22 Ean:** Cruinniú tuistí/múinteoirí bl. 5
**29 Ean:** Cruinniú tuistí/múinteoirí bl. 2
**2 Feabhra:** Scoil dúnta
**3 - 13 Feabhra:**
Bréagscrúduithe
**16 – 20 Feabhra:**
Sos
**26 Feabhra:** Cruinniú tuistí/múinteoirí bl. 1

Tá gach eolas reatha ar fáil ar www.gccd.ie.

### Seanfhocal na Seachtaine (17):

I dtús na haicíde is fusa í a leigheas.

Chun é seo a chloisteáil, cliceáil anseo

*Ar thuras léinn is feasa*

*Eagrán 17*

# Gaelcholáiste Chill Dara

# Bileog Eolais

*16 January 2026*


## Oral Irish exams

The oral Irish exams for 6th year students start at 09:00 next Monday. The timetable is available on Google Classroom.




## Study? How much?

Students are advised to do additional effective work, outside school hours, encompassing both homework and study:

Year 1: 7 ½ - 9 hours per week
Year 2: 8 to 10 hours per week
Year 3: 9-12 hours per week
Year 5: 15-18 hours per week
Year 6: 18-22 hours per week

## Study tip of the week

Students

A document is attached to the email with information about study strategies in it. Try the strategies.

Guardians

Look at the document attached to the email. Talk to your children about their study strategies. Encourage them to try.

## U19 Soccer

Yesterday marked the first time that a GCCD soccer team had reached the All-Ireland semi-final. The girls played with energy and enthusiasm. They did not manage to get the win on the day, but the school community is very proud of them.



## Careers Information

Sixth year students have been having individual career meetings with Helena over the past two weeks working on CAO and UCAS applications. The early deadline for CAO, 20 January, is coming soon and the usual deadline is 1 February.

The deadline for the Supplementary Information Form (A) for DARE is 1 March and the deadline for the B&C Form is 10 March.

The individual meetings under DARE will begin on Monday, January 19.




## Congratulations to Ruby!

Congratulations to Ruby (3C) and the Ireland U16 team who kicked off 2026 with a 2-0 win over Portugal in an international friendly at the Estádio Municipal da Póvoa de Varzim during the week. The whole story is here. Congratulations to Ruby again as she has been shortlisted for the Spirit of County Kildare award in two different categories! Information about the competition is here.



## GCCD on RnaG!

Siobhain was on 'Tús Áite' on Raidió na Gaeltachta on Wednesday. She was speaking about how important human rights are to the GCCD community. You can listen to the interview here.

RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA

## Accuracy in Irish

Common mistake:

D'éirigh ~~mé~~ sa scrúdú

Corrrect version:

D'éirigh liom sa scrúdú (ach, D'éirigh mé ar maidin)

## Cispheil

The 2bl girls beat Cross & Passion, Kilcullen 42-12 in the group C midlands competition yesterday. Congratulations to them!



## Wellbeing phrase of the week

A New Year is a chance to start a new and better life. Make the most of it!

## Important dates

**19 - 23 Jan:**
Irish oral exams, 6th Yrs

**20 Jan:** Merchant of Venice, 3rd Yrs

**22 Jan:** 5th Yr PTM

**29 Jan:** 2nd Yr PTM

**2 February:** School closed

**3 - 13 February:**
Mock exams

**16 – 20 February:**
Mid-term break

**26 February:** 1st Yr PTM

All up-to-date info is on www.gccd.ie.

## Saying of the week (17):

A stitch in time saves nine.

Literally: It is easier to cure illness at the start.

To hear this saying, click here